**Reference No:** E109/67/34; **Date:** 08/09/66

**Ciorclán 26/1966:- An Ghaeilge a usaid leis an bpobal**

A Dhuine Uasail,

Ta ordu agam on Aire Airgeadais tagairt a dheanamh d'alt 48 den Phaipear Ban um Athbheochan na Gaeilge, inar cuireadh in iul gur ghlac an rialtas leis an noladh "go dtaispeanfai go feicealach i ngach Oifig Stait a mbionn cead isteach inti ag an bpobal fogra a iarraidh orthu a ngno a dheanamh i nGaeilge, agus go mbeadh leorlion cainteoiri Gaeilge i ngach oifig den sort sin."

2. Ta socru deanta le hOifig and tSolathair chun fograi daite ar a bhfuil na focail "Labhair Gaeilge linn! - Beidh athas orainn gno a dheanamh leat i nGaeilge anseo" a chur go dti gach Oifig Stait. Nuair a gheofar na fograi sin ba cheart iad a chur ar taispeaint go feicealach sna hoifigi poibli. Ma bhionn tuilleadh fograi ag teastail, is feidir iad a fhail o Oifig an tSolathair.

3. Ba cheart go ndeanfai deimhin de, chomh fada agus is feidir, go bhfuil oifigeach amhain ar a laghad i ngach oifig phoibli a bhfuil dothain Gaeilge aige chun freastal gan stro ar dhaoine ar mian leo an Ghaeilge a usaid. Ma bhionn a fhios ag an oifigeach go bhfuil Gaeilge ag duine, nior mhiste do fein tosu ar i a labhairt agus gan an curam sin a fhagail ar an bpobal i gconai.

Mise, le meas,

Lugaidh Mac Gearailt

Nota: Mir 2 - Ta fógraí chuí, deasc-chártaí, etc, le fáil ó Ghaeleagras freisin.